*Uimhir* 17 *de* 2020

# An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 17 *de* 2020

# AN tACHT UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE, 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Léiriú
2. Tréimhse éigeandála
3. Fógraí foirceanta faoi Acht 2004
4. Teidlíocht chun fanacht i mbun teaghais a áitiú le linn na tréimhse éigeandála
5. Gearrtheideal agus comhlua

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28)

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019 (Uimh. 14)

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (Uimh. 27)

Na hAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 go 2019

An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil, 2020 (Uimh. 7)

*Uimhir* 17 *de* 2020

# AN tACHT UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE, 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú eisceachtúil, ar mhaithe le leas an phobail agus ag féachaint don bhaol follasach tromaí atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí de dheasca an galar ar a dtugtar Covid-19 a bheith ag leathadh; d'fhonn maolú a dhéanamh, i gcás gurb indéanta sin, ar éifeacht leathadh an ghalair sin agus d'fhonn na droch-iarmhairtí a bheidh mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh an ghalair sin a theorannú; agus ag féachaint don ualach ar ghnáthfheidhmiú na sochaí arb é an baol sin is cúis leis; agus ag aithint na dóchúlachta go gcuirfidh srianta riachtanacha, arna bhforchur chun an leathadh sin agus an éifeacht atá aige ar an tsochaí a laghdú, bac ar chumas tionóntaí cóiríocht ionadúil a fháil agus ag aithint an tionchair iarmhartaigh ar dhea-bhail daoine agus teaghlach agus ar infhaighteacht feidhmeanna seirbhíse poiblí ríthábhachtacha i ndáil le tithíocht; do dhéanamh socrú i ndáil le hoibriú forálacha áirithe den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 le linn tréimhse srianta arna bhforchur ar thaisteal go suíomhanna geografacha áirithe, ó na suíomhanna sin nó laistigh díobh, de bhun rialacháin faoi alt 31A den Acht Sláinte, 1947; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [24 *Deireadh Fómhair* 2020]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Léiriú**

**1.** (1) San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004;

ciallaíonn "ordú um limistéir atá buailte" ordú arna dhéanamh ag an Aire Sláinte faoi alt 31B den Acht Sláinte, 1947;

forléireofar "tréimhse éigeandála" de réir *alt 2*.

(2) San Acht seo—

(a) forléireofar tagairtí do thiarna talún mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnóir de réir bhrí alt 37 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019,

(b) forléireofar tagairtí do thionónta mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnaí de réir na brí sin, agus

(c) forléireofar tagairtí do thionóntacht mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheadúnas de réir na brí sin.

(3) Beidh le focal nó abairt a úsáidtear san Acht seo agus in Acht 2004, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna san Acht seo atá leis nó léi in Acht 2004.

**Tréimhse éigeandála**

**2.** (1) Is tréimhse í tréimhse éigeandála, i ndáil le tionóntacht teaghaise, ar ina leith a dhéanann an tAire Sláinte rialacháin iomchuí lena bhforchuirtear srianta ar thaisteal lasmuigh de gha 5 chiliméadar ó áit chónaithe duine, arb í an teaghais lena mbaineann í, le linn tréimhse a shonrófar sna rialacháin iomchuí.

(2) Folóidh tréimhse éigeandála tréimhse éigeandála ar ina leith a rinne an tAire Sláinte rialacháin iomchuí roimh theacht i ngníomh don Acht agus is tréimhse éigeandála nach mbeidh dulta in éag ar an teacht i ngníomh sin.

(3) San alt seo, ciallaíonn "rialacháin iomchuí" rialacháin arna ndéanamh faoi alt 31A den Acht Sláinte, 1947, ar rialacháin iad a oibríonn, faoi réir coinníollacha a bheidh sna rialacháin, chun srianta a fhorchur ar thaisteal i limistéar nó réigiún lena mbaineann ordú um limistéir atá buailte.

**Fógraí foirceanta faoi Acht 2004**

**3.** (1) I gcás go sonrófar dáta foirceanta i bhfógra foirceanta arna sheirbheáil roimh thréimhse éigeandála nó lena linn, ar dáta é le linn nó tar éis na tréimhse éigeandála, measfar gurb é an dáta foirceanta an dáta foirceanta athbhreithnithe.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fógra foirceanta arna sheirbheáil ag tiarna talún ina luafar mar chúis leis an bhfoirceannadh lena mbaineann an tionónta do mhainneachtain ceann amháin nó níos mó dá oibleagáidí nó dá hoibleagáidí faoi mhír (h), (i) nó (m) d'alt 16 a chomhlíonadh nó iompar de chuid an tionónta a thagann faoi réim fhomhír (2)(a)(ii) d'alt 67 d'Acht 2004.

(3) Ní bhfaighidh duine, de bhua oibriú an ailt seo, aon chearta faoi Chuid 4 d'Acht 2004.

(4) San alt seo, ciallaíonn "dáta foirceanta athbhreithnithe" an dáta a bheidh 10 lá tar éis an dáta dá dtagraítear i mír (a) nó (b):

(a) i gcás fógra foirceanta arna sheirbheáil roimh an tréimhse éigeandála agus i gcás nach mbeidh deireadh tagtha le tréimhse an fhógra roimh thosach na tréimhse éigeandála, an dáta sin díreach i ndiaidh dhul in éag do thréimhse arb éard í comhiomlán na dtréimhsí seo a leanas—

(i) tréimhse an fhógra a tugadh san fhógra foirceanta agus nach mbeidh dulta in éag ar thosach na tréimhse éigeandála, agus

(ii) an tréimhse éigeandála;

(b) i gcás fógra foirceanta arna sheirbheáil le linn na tréimhse éigeandála, an dáta díreach i ndiaidh dhul in éag do thréimhse arb éard í comhiomlán na dtréimhsí seo a leanas—

(i) an tréimhse fógra arna tabhairt san fhógra foirceanta, agus

(ii) maidir leis an tréimhse éigeandála, an tréimhse di nach mbeidh dulta in éag agus a bheidh fágtha ar an dáta a seirbheáladh an fógra.

(5) Maidir le haon dara tréimhse éigeandála nó tréimhse éigeandála dá éis sin a dhéanann difear d'fhógra foirceanta arna sheirbheáil i leith tionóntacht teaghaise, déanfar í a áireamh de réir mar is cuí le linn an dáta foirceanta athbhreithnithe faoi *fho-alt (4)* a ríomh.

(6) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le tionóntacht teaghaise lena mbaineann Cuid 2 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil, 2020.

**Teidlíocht chun fanacht i mbun teaghais a áitiú le linn na tréimhse éigeandála**

**4.** (1) Aon tionónta—

(a) ar ar seirbheáladh fógra foirceanta de réir Acht 2004 roimh thosach na tréimhse éigeandála, agus

(b) a d'fhan i mbun áitiú na teaghaise lena mbaineann an fógra ó dhul in éag don tréimhse fógra a cheanglaítear a thabhairt (cibé acu is le toiliú an tiarna talún lena mbaineann é nó nach ea) go dtí dáta thosach na tréimhse éigeandála,

beidh sé nó sí i dteideal fanacht i mbun áitiú na teaghaise go dtí an dáta a bheidh 10 lá tar éis dhul in éag don tréimhse éigeandála faoi réir téarmaí agus coinníollacha a bheidh comhionann leis na téarmaí agus na coinníollacha a raibh feidhm acu i leith thionóntacht na teaghaise lena mbaineann díreach sular seirbheáladh an fógra sin.

(2) Ní bhfaighidh duine, de bhua oibriú an ailt seo, aon chearta faoi Chuid 4 d'Acht 2004.

**Gearrtheideal agus comhlua**

**5.** (1) Féadfar an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 go 2020 a ghairm de na hAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 go 2019, den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe agus Luacháil, 2020 (seachas alt 14 den Acht sin) agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 22. 11/21. Essentra. (89862). Gr.30-15.

9 781399 300926